**COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH**

**An Bhruiséil, 24 Bealtaine 2013 (28.05)**
**(OR. en)**

**9701/13**

**RECH 172**
**COMPET 310**
**RELEX 419**
**DEVGEN 123**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| Ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid I) |
| Chuig: | An Chomhairle |
| Uimhir an togra ón gCoim.: | 14000/12 RECH 344 COMPET 563 RELEX 838 DEVGEN 245 |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9542/13 RECH 162 COMPET 294 RELEX 401 DEVGEN 120 |
| Ábhar: | Dréacht-chonclúidí ón gComhairle maidir le "Comhar idirnáisiúnta an AE a fheabhsú agus a dhíriú sa taighde agus sa nuálaíocht: cur chuige straitéiseach" |

1. An 14 Meán Fómhair 2012, d'eisigh an Coimisiún Teachtaireacht maidir le "Comhar idirnáisiúnta an AE a fheabhsú agus a dhíriú sa taighde agus sa nuálaíocht: cur chuige straitéiseach". Chuir an Uachtaránacht dréacht-chonclúidí maidir leis an Teachtaireacht sin faoi bhráid na Meithle Taighde.

2. Phléigh an Mheitheal Taighde na dréacht-chonclúidí an 15 Aibreán, an 7 Bealtaine, an 13 Bealtaine agus an 17 Bealtaine 2013.

3. Ag an gcruinniú a bhí aige an 24 Bealtaine 2013 tháinig Coiste na mBuanionadaithe ar chomhaontú maidir leis an téacs, mar a leagtar amach é san Iarscríbhinn.

4. Mar sin, iarrtar ar an gComhairle ("Iomaíochas") na Conclúidí a ghlacadh ag an seisiún a bheidh aici an 29-30 Bealtaine 2013.

---

**IARSCRÍBHINN**

**DRÉACHT-CHONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE "COMHAR IDIRNÁISIÚNTA AN AE A FHEABHSÚ AGUS A DHÍRIÚ SA TAIGHDE AGUS SA NUÁLAÍOCHT: CUR CHUIGE STRAITÉISEACH"**

AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

AG MEABHRÚ DI NA NITHE SEO A LEANAS

- A Conclúidí an 29 Meitheamh 2008 maidir le "Próiseas Liúibleána - I dtreo LET a fhíorú[1], ina raibh "oscailt leathan LET don domhan" ar cheann amháin de chúig thionscnamh a sainaithníodh sa chomhthéacs sin;

- A Conclúidí an 2 Nollaig 2008 maidir le "comhpháirtíocht Eorpach do chomhar idirnáisiúnta eolaíoch agus teicneolaíoch"[2];

- A Conclúidí an 26 Bealtaine 2010 maidir le "Saincheisteanna éagsúla a bhaineann le LET a fhorbairt", inar iarraidh "ar Bhallstáit agus ar an gCoimisiún oibriú i dtreo seasamh comhordaithe i bhfianaise topaicí a bhaineann le taighde i gcruinnithe mullaigh idirnáisiúnta agus i bhfóraim idirnáisiúnta"[3].

- A Conclúidí an 26 Samhain 2010 maidir le "Aontas Nuála Thionscnamh Suaitheanta An Eoraip 2020: Dlús a chur leis an Eoraip a chlaochlú tríd an nuáil i ndomhan atá ag athrú go gasta"[4], lena ndearbhaítear gur ceist chomhroinnte é an comhar eolaíoch agus teicneolaíoch le tríú tíortha agus gur cheart bealaí cur chuige comhordaithe a mheas, i gcás inarb iomchuí;

[1] 10231/08
[2] 16763/08
[3] 10246/10
[4] 17165/10

- A Conclúidí an 11 Nollaig 2012 maidir le "Comhpháirtíocht Neartaithe um an Limistéar Eorpach Taighde ar mhaithe le Sármhaitheas agus Fás"[5] lena n-iarrtar ar na Ballstáit, eagraíochtaí leasmhara agus leis an gCoimisiún Eorpach obair as lámha a chéile chun LET a fhíorú agus lena meabhraítear gur cuid chothrománach, ríthábhachtach agus lárnach de LET é an diminsean seachtrach;

- An Tuairim ó CELT maidir le "Creat LET a fhorbairt"[6] an 9 Nollaig 2011, ina leagtar béim ar a idirnáisiúnta is atá an eolaíocht agus a timpeallacht pholaitiúil, i ndiaidh na tuairime ó SFIC maidir le Creat LET[7] an 18 Samhain 2011;

**Ginearálta**

1. ATHDHEARBHAÍONN SÍ an gá le Limistéar Eorpach Taighde (LET) a fhorbairt atá oscailte don domhan agus idirghníomhach leis;

2. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil an comhar idirnáisiúnta sa taighde agus sa nuáil ríthábhachtach maidir le sármhaitheas agus tarraingteacht an Aontais a neartú sa taighde agus sa nuáil agus maidir lena iomaíochas, chun dul i ngleic le dúshláin shochaíocha dhomhanda, chun cur le beartais sheachtracha an Aontais, agus go bhféadfaí le dea-chaidrimh idirnáisiúnta comhar éifeachtach a éascú sa taighde agus nuáil freisin;

3. AITHNÍONN SÍ an dul chun cinn nach beag atá déanta i dtreo comhair idirnáisiúnta feabhsaithe a rinneadh trí bhíthin tionscadal FP7, lena n-áirítear trí Chlár INCO, agus tríd an deis chun páirt a ghlacadh a chur ar fáil do thríú tíortha agus trí rannchuidiú le tionscadail shuaitheanta comhair idirnáisiúnta a fhorbairt;

4. MEASANN SÍ go bhfuil an tírdhreach domhanda athraithe go mór thar na deich mbliana atá caite agus go n-éilítear le teacht chun cinn imreoirí nua agus tábhachtachta ar an ardán domhanda cur chuige straitéiseach nua maidir leis an gcomhar idirnáisiúnta;

[5] 17649/12
[6] ERAC 1215/11
[7] ERAC-SFIC 1356/11

5. IS DÍOL SÁSAIMH DI an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le "Comhar idirnáisiúnta an AE a fheabhsú agus a dhíriú sa taighde agus sa nuálaíocht: Cur chuige straitéiseach"[8] mar ionchur tábhachtach le forbairt leanúnach LET, agus an cur chuige déach i ndáil leis an oscailteacht, arna comhlánú le gníomhaíochtaí comhair idirnáisiúnta spriocdhírithe a mholann sé do Fhís 2020; an diminsean idirnáisiúnta i gcónaí dá bhrí sin ina chuid thábhachtach de LET, mar aon le tosaíochtaí LET arna liostú i gconclúidí an 11 Nollaig 2012 ón gComhairle maidir le "Comhpháirtíocht Neartaithe um an Limistéar Eorpach Taighde ar mhaithe le Sármhaitheas agus Fás"[9];

6. CUIREANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí is atá sé a áirithiú go n-éascófaí le Fís 2020 comhar i measc taighdeoirí ó cheann ceann an domhain maidir le haghaidh a thabhairt ar comhdhúshláin, agus aird cuí á tabhairt don chómhalartacht agus do chearta maoine intleachtúla a urramú.

**Treochláir don chomhar idirnáisiúnta**

7. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, agus é ag dul i gcomhar leis na Ballstáit, machnamh córasach a dhéanamh ar na cásanna ar féidir leis an gcomhar idirnáisiúnta breisluach straitéiseach a chur le cur chun feidhme Fís 2020 agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún dá bhrí sin, i gcomhar leis na foirmíochtaí ábhartha den Choiste Cláir, machnamh a dhéanamh maidir le cé hiad na cásanna a bhféadfadh an comhar idirnáisiúnta ról luachmhar a ghlacadh i gcláir oibre Fhís 2020;

8. CUIREANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí is atá sé comhleas a lorg i ndáil le gníomhaíochtaí comhair idirnáisiúnta, go háirithe maidir le Fís 2020, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, ag obair i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, tosaíochtaí a shainaithint don chomhar idirnáisiúnta ar bhonn Fhís 2020 agus ar bhonn thorthaí tionscadal FP7;

9. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar conas ar féidir diminsean an chomhair idirnáisiúnta a neartú, lena n-áirítear i comhthéacs an chomhair le tíortha i mbéal a bhforbartha;

---

[8] 14000/12 (COM(2012) 497 final)
[9] **17649/12**

10. CUIREANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí is atá an próiseas seo a dlúthchomhordú leis na pléití beartais idirnáisiúnta leanúnacha agus AITHNÍONN SÍ gur féidir breisluach don Aontas a fháil ní amháin trí dhul i gcomhar le tíortha tionsclaithe agus leis na geilleagair atá ag teacht chun cinn, ach trí chomhar a dhoimhniú leis na tíortha is iarrthóirí nó na tíortha is iarrthóirí ionchasacha agus le tíortha comharsanachta agus leis na tíortha i mbéal a bhforbartha, ar bhonn an chomhleasa;

11. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún treochláir ilbhliantúla a ullmhú maidir le comhar le comhpháirtithe straitéiseacha an Aontais, lena sainaithneofaí tosaíochtaí agus ionstraimí do ghníomhaíochtaí laistigh de Fhís 2020 don chomhar idirnáisiúnta maidir le taighde agus nuáil; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a áirithiú go nglacfadh na Ballstáit páirt go luath sa phróiseas chun tíortha comhpháirtíochta a shainaithint agus chun réimsí a shainaithint don chomhar idirnáisiúnta agus chun treochláir ilbhliantúla a ullmhú agus a fhorbairt;

12. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na chéad treochláir a chur i láthair faoi dheireadh 2013, chun a léiriú conas mar a thagann siad i gcomhréir le cláir oibre Fhís 2020, agus tuairisciú rialta a dhéanamh ar conas mar atáthar á gcur chun feidhme.

**Comhphrionsabail**

13. AITHNÍONN SÍ an tábhacht a bhaineann le comhphrionsabail a fhorbairt chun an comhar idirnáisiúnta sa taighde agus sa nuáil a éascú d'fhonn cothroime iomaíochta domhanda a chruthú;

14. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus le tíortha comhpháirtíochta, chomh maith leis an obair atá déanta ag na heagraíochtaí leasmhara ábhartha ar an leibhéal Eorpach, na comhphrionsabail sin a fhorbairt ar shaincheisteanna amhail taighde agus nuáil atá freagrach agus an tsláine taighde; athbhreithnithe piaraí; an comhionannas inscne agus an diminsean inscne sa taighde agus nuáil a chur chun cinn; gairmeacha taighdeoirí; caitheamh go cóir agus go cothromasach le cearta maoine intleachtúla; rochtain oscailte ar fhoilseacháin taighde a mhaoinítear go poiblí agus ar bhonneagair taighde;

15. ATHDHEARBHAÍONN SÍ an cuireadh a tugadh do na Ballstáit, do na heagraíochtaí leasmhara ábhartha agus don Choimisiún forbairt na gcomhphrionsabail sin le comhpháirtithe idirnáisiúnta an Aontais a chur chun cinn, agus tuilleadh oibre a dhéanamh sna réimsí a chumhdaítear leis na comhphrionsabail sin, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht ghníomhach a ghlacadh in obair na Comhairle Taighde Domhanda agus i bhfóraim iomchuí eile.

**An chomhpháirtíocht idir an Coimisiún agus na Ballstáit a neartú**

16. CUIREANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí is atá sé an chomhpháirtíocht idir an Coimisiún agus na Ballstáit a neartú, agus le heagraíochtaí leasmhara ábhartha freisin i gcás inarb iomchuí, chun a áirithiú go mbeidh gníomhaíochtaí an Aontais agus gníomhaíochtaí náisiúnta comhlántach agus á neartú a chéile;

17. CUIREANN SÍ BÉIM ar a ríthábhachtaí is atá an chomhpháirtíocht sin idir an Coimisiún agus na Ballstáit i gcur chuige straitéiseach an AE i dtaobh an chomhair idirnáisiúnta sa taighde agus sa nuáil, lena n-áirítear comhairle níos rialta leis an gComhairle maidir le gníomhaíochtaí idirnáisiúnta an Aontais a bhaineann le beartais STI agus a rannpháirtíocht iomlán i gcomhréir leis na Conarthaí, go háirithe i gcomhdhearbhuithe maidir leis an taighde agus an nuáil a ullmhú, agus maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta an AE a dhearadh, a fhorbairt agus a chur chun feidhme;

18. MEABHRAÍONN SÍ an dlúthchomhar is gá le Tíortha Comhlachaithe chun LET a fhorbairt;

19. AITHNÍONN SÍ obair chomhairleach thábhachtach an Fhóraim Straitéisigh um Chomhar Idirnáisiúnta san Eolaíocht agus sa Teicneolaíocht, an méid a rannchuidíonn sé leis an gcomhfhoghlaim agus an ról a ghlacann sé maidir le comhordú thosaíochtaí na mBallstát maidir leis an gcomhar idirnáisiúnta a chur chun cinn, mar shampla, maidir le tionscnamh na hIndia agus maidir leis an gComhpháirtíocht Ind-Eorpach don Taighde agus Nuáil a neartú; agus SPREAGRANN SÍ an Fóram leanúint dá chuid oibre comhairlí i dtaobh a chuid tionscnamh amhail leis an India, leis an tSín, leis na SA, leis an mBrasaíl agus le tíortha nach iad;

20. Maidir leis sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí chun rannpháirtíocht iomlán na mBallstát a chur chun cinn maidir le tosaíochtaí a leagan síos ar bhonn comhpháirteach, amhail bunú Ghrúpaí na nOifigeach Sinsearach;

21. IARRANN SÍ ar an bhFóram Straitéiseach, i bhfianaise an chuir chuige nua atá molta ag an gCoimisiún, cur le dearadh agus le forbairt na dtreochlár ilbhliantúil i gcomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha agus tar éis plé oscailte a dhéanamh leo, agus cláir chomhpháirteacha don taighde agus don nuáil á bhforbairt idir an Aontas, na Ballstáit agus comhpháirtithe straitéiseacha i dtríú tíortha;

22. IARRANN SÍ ar an bhFóram cur leis na comhphrionsabal a fhorbairt maidir le comhar idirnáisiúnta a dhéanamh sa taighde agus sa nuáil, go háirithe trí chomhairle ábhartha a thabhairt agus trí fhaisnéis a roinnt ar bheartais agus ar ghníomhaíochtaí i ndáil leis an gcomhar idirnáisiúnta agus ar na dea-chleachtais atá forbartha ar an leibhéal náisiúnta;

23. IARRTAR ar an bhFóram, chun críche sineirgí a chruthú idir tionscnaimh náisiúnta agus tionscnaimh Eorpacha, leanúint dá chuid iarrachtaí i dtreo faisnéis a roinnt ar bheartais agus gníomhaíochtaí na mBallstát agus an Aontais i dtaobh an chomhair maidir le taighde, forbairt agus nuáil.

**Cur chun feidhme, rialachas agus measúnú**

24. SPREAGANN SÍ an Coimisiún leas iomlán a bhaint as próiseas pleanála agus struchtúir rialachais Fhís 2020 ar bhealach comhleanúnach agus an straitéis nua á cur chun feidhme aige;

25. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún faireachán agus measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme na straitéise agus tuairisciú a dhéanamh gach dhá bhliain, lena n-áirítear trí tháscairí a úsáid amhail na cinn a tíolacadh sa Doiciméad Foirne[10] a ghabhann leis an Teachtaireacht;

---

[10] 14000/12 ADD1.

26. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an diminsean idirnáisiúnta den taighde agus den nuáil a chur chun cinn laistigh de ghníomhaíochtaí na Faireachlainne Eorpaí um Thaighde agus um Nuáil, agus, i gcás inarb iomchuí, i suirbhéanna nó i gcomhairliúcháin le LET.